6 Aibreán 2018

Eisíodh cinneadh d'iarratas d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh cóiríochta cónaithe ag Baile an Ghleanna, Gleann Maghair, Contae Chorcaí.

Tagairt Cáis: 300543-18

Dheonaigh An Bord Pleanála cead faoi réir 25 coinníoll don fhorbairt bheartaithe a bhaineann de 608 aonad cónaithe (496 theach agus 112 árasán), mar a chuireadh isteach ag O'Flynn Construction Co Limited ag Baile an Ghleanna, Gleann Maghair, Contae Chorcaí.

Cuireadh an t-iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 20 Nollaig 2017 agus rinneadh cinneadh air ar an 29 Márta 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta, 19 Aibreán 2018.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.
Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird
- Treoir an Bhoird
- Tuairisc an Chigire

Is féidir eolas mionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag http://www.pleanala.ie/index_ga.htm. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.